Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Samhain 2016**
**(OR. en)**

**14182/16**

**ECOFIN 1017**
**BUDGET 37**
**SAN 379**
**SOC 678**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Tuarascáil chomhpháirteach ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch agus ón gCoimisiún i ndáil le cúram sláinte agus cúram fadtéarmach san Aontas<br>- Conclúidí ón gComhairle (8 Samhain 2016) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch agus ón gCoimisiún i ndáil le cúram sláinte agus cúram fadtéarmach san Aontas, a glacadh ag an gComhairle (ECOFIN) ag an 3495ú cruinniú dá cuid a tionóladh sa Bhruiséil ar an 8 Samhain 2016.

**Conclúidí ón gComhairle**
**maidir leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch agus ón gCoimisiún i ndáil le cúram sláinte agus cúram fadtéarmach san Aontas**

Ghlac an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais (Ecofin) na conclúidí a leanas:

Mar a aibhsíodh sna Conclúidí ón gComhairle an 8 Márta 2016[1], i ngeall ar ardfhiachas rialtais, in éineacht leis na brúnna buiséadacha a eascraíonn as aosú an daonra agus gnéithe eile nach mbaineann leis an aois, is ábhar coiteann imní é inbhuanaitheacht fhioscach na gcóras sláinte agus na gcóras um chúram fadtéarmach. MEASANN an Chomhairle go bhfuil tábhacht ar leith ag roinnt leis an dá aidhm .i. inbhuanaitheacht fhioscach a áirithiú agus rochtain a bheith ag gach duine ar sheirbhísí cúraim sláinte ar ardchaighdeán, trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtacht na gcóras sláinte agus na gcóras um chúram fadtéarmach.

I bhfianaise an méid sin, is DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle an Tuarascáil Chomhpháirteach a d'ullmhaigh an Coiste um Beartas Eacnamaíoch (an Mheitheal um Aosú) agus Seirbhísí an Choimisiúin (DG ECFIN) agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an méid seo a leanas:

- I gcomhréir le hAirteagal 168(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, déanfaidh gníomhaíocht an Aontais urraim a thabhairt do na freagrachtaí atá ar na Ballstáit maidir lena mbeartas sláinte a shainiú agus seirbhísí sláinte agus cúram liachta a eagrú agus a sholáthar. Áirítear ar fhreagrachtaí na mBallstát seirbhísí sláinte agus cúram liachta a bhainistiú, agus na hacmhainní a shanntar dóibh a chionroinnt orthu.

- MEABHRAÍONN an Chomhairle DI a conclúidí,[2],[3], [4], [5]agus, i bhfianaise na dtorthaí ón tuarascáil chomhpháirteach, ATHDHEARBHAÍONN SÍ an gá atá le cúram sláinte uilíoch a chur ar fáil chomh maith le seirbhísí leordhóthanacha cúraim fhadtéarmaigh chun freastal ar an éileamh méadaitheach ar sheirbhísí a bhaineann le daonra atá ag aosú agus ionchais fhorbarthacha na n-othar i ngeall ar fhorbairt theicneolaíoch sna blianta amach romhainn, agus, ag an am céanna, ardleibhéil an fhiachais phoiblí a laghdú.

---

**1** http://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2016/03/08-ecofin-conclusions-fiscal-sustainability-report/

**2** 7 Nollaig 2010: Féach an 3054ú cruinniú de chuid na Comhairle GNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHA agus AIRGEADAIS, an Bhruiséil, 7 Nollaig 2010

**3** 22 Meitheamh 2006: Conclúidí ón gComhairle maidir le comhluachanna agus comhphrionsabail i gcórais sláinte AE, IO 2006 C 146

**4** 20 Meitheamh 2014: Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ngéarchéim eacnamaíoch agus cúram sláinte IO 2014 C 217

**5** 7 Márta 2016: Féach an 3453ú cruinniú den Chomhairle FOSTAÍOCHTA, BEARTAIS SHÓISIALTA, SLÁINTE AGUS GNÓTHAÍ TOMHALTÓIRÍ, an Bhruiséil, 7 Márta 2016

- Trí ardleibhéil sláinte a choimirciú, cuirtear le cáilíocht níos fearr beatha, cuirtear leis an rathúnas eacnamaíoch chomh maith trí rannpháirtíocht níos mó i margadh an tsaothair, saol oibre agus táirgiúlacht níos faide, nithe atá fíor-riachtanach i gcomhthéacs sochaí atá ag aosú go tiubh. Ionsúnn caiteachas ar shláinte agus ar chúram fadtéarmach sciar suntasach méadaitheach acmhainní agus tá an chuid is mó de na Ballstáit ag broic le brú láidir forbarthach fioscach ar a gcóras sláinte, ach mar sin féin, in ainneoin a ndearnadh d'iarrachtaí le déanaí, tá an deis ann feabhas a chur ar stádas sláinte an phobail, ach níor ghá an caiteachas ar shláinte a mhéadú chun é sin a bhaint amach, b'fhéidir. Agus coinníollacha i réim ina gcuirtear diansrianta ar an mbuiséad poiblí, is gá luach níos mó a fháil ar airgead trí athchóirithe beartais iomchuí a dhéanamh chun na córais sláinte a choimirciú agus a chothabháil agus chun sláinte an phobail a fheabhsú.

- De bhreis ar na dúshláin fhioscacha, tá dúshláin choiteanna struchtúracha ar na córais cúraim sláinte agus ar na córais cúraim fhadtéarmaigh in a lán cásanna freisin, dúshláin a bhaineann le dáileadh agus úsáid neamhéifeachtúil acmhainní ar fud limistéir fheidhmiúcháin an chaiteachais, agus ní mór aghaidh a thabhairt orthu trí mheascán beartais tír-shonrach faoi inniúlacht na mBallstát. Baineann dúshláin eile leis an rochtain mhíchothrom atá ar chúram sláinte, an sárú rialta buiséid, éilimh fhioscacha atá in iomaíocht lena chéile ó aireachtaí éagsúla, tosaíochtaí athraitheacha beartais, calaois nó éilliú, agus easpa faisnéise maidir le luach ar airgead d'infheistíocht in earnáil an chúraim sláinte agus na gcóras cúraim fhadtéarmaigh.

*I bhfianaise na tuarascála sin, ar na príomhdhúsláin a bhaineann le sláinte agus le beartas cúraim fhadtéarmaigh, nach mór do na Ballstáit aghaidh a thabhairt orthu i gcás inarb iomchuí, agus bearta athchóirithe á gceapadh acu, áirítear:*

- *Feabhas a chur ar rialachas na gcóras.* Chuige sin, tá gá le 1) an comhar idir údaráis fhioscacha agus sláinte nó údaráis bheartais ábhartha eile a neartú agus raon leathan d'uirlisí pleanála buiséadacha a úsáid chun tacú leis an éifeachtúlacht, an trédhearcacht agus an chuntasacht; 2) straitéisí teicneolaíochta faisnéise agus bainistithe sonraí a bhunú chun tacú le faireachán agus le rialachas agus cur leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe, na calaoise agus mí-úsáid a bheith á baint as acmhainní poiblí; 3) athchóirithe a mheasúnú ex-ante agus ex-post ar bhealach córasach ar bhonn foirmiúil, fianaise-bhunaithe; 4) róil na n-údarás poiblí a shainiú go soiléir maidir le soláthar seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh arb é is aidhm dóibh seirbhísí sláinte agus sóisialta a chomhtháthú trí chreat dlíthiúil agus éifeachtúlacht riaracháin a fheabhsú.

- *Inbhuanaitheacht an chaiteachais agus an mhaoinithe a chur chun cinn.* Tá maoiniú leordhóthanach, inbhuanaithe ríthábhachtach chun cumhdach, rochtain agus cáilíocht rímhaith chúraim a áirithiú. Chuige sin, beidh gá le: 1) beartais a neartú chun sláinte an phobail a chur chun cinn agus galair a chosc agus acmhainneacht an chórais a threisiú chun gur féidir torthaí cúraim sláinte níos fearr a bhaint amach; 2) a áirithiú gur ar chritéir na costéifeachtachta a bhunófar pacáistí seirbhísí sláinte arna gcistiú go poiblí agus go gcuideoidh na scéimeanna ina ndéantar na costais a chomhroinnnt le srian a chur ar an gcaiteachas poiblí, agus rochtain ar chúram sláinte do chách á áirithiú; 3) sásraí luach saothair agus ceannaigh a cheapadh chun an éifeachtúlacht a chur chun cinn; 4) feabhas a chur ar mhaoiniú an chúraim fhadtéarmaigh ar shlí a bheidh inbhuanaithe ó thaobh buiséid de i dtréimhse ama réamhbhreathnaitheach agus dreasachtaí a thabhairt d'eilimintí réamhchistithe, agus an cistiú poiblí á dhíriú san am céanna ar riachtanais an fhaighteora; 5) feabhas a chur ar inbhuanaitheacht an chúraim ospidéil trí athchóirithe struchtúracha a dhéanamh san earnáil sin, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar na socruithe maoinithe agus costais oibriúcháin a laghdú.
- *Éifeachtúlacht struchtúrach, iomaíochas agus trédhearcacht a neartú.* Chuige sin, ní mór 1) an cúram sláinte a aistriú amach as an earnáil ospidéil atá dian ar acmhainní i dtreo príomhsheirbhísí agus seirbhísí siúlacha cúraim atá níos costéifeachtaí agus trí chúram comhtháite a chur chun cinn; 2) an measúnú ar fheidhmíocht na gcóras sláinte a fheabhsú; 3) úsáid chostéifeachtach, infhaighteacht, inrochtaineacht agus inacmhainneacht na dtáirgí íocshláinte a neartú trí bheartais amhail soláthar poiblí agus an ról atá ag cineálacha agus bithshamhlacha, beartais iomchuí do rialú praghsanna agus úsáid réasúnta táirgí íocshláinte a chur chun feidhme[6]; 4) líon leordhóthanach de chúramóirí foirmiúla cáilithe a áirithiú agus tacaíocht a sholáthar do chúramóirí teaghlaigh as cúram neamhfhoirmiúil a sholáthar; 5) tacú le seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh sa bhaile seachas i socruithe institiúideacha, i gcás inarb iomchuí.

---

6 16-17 Meitheamh 2016: Féach an 3453ú cruinniú den Chomhairle FOSTAÍOCHTA, BEARTAIS SHÓISIALTA, SLÁINTE AGUS GNÓTHAÍ TOMHALTÓIRÍ, an Bhruiséil, 16-17 Meitheamh 2016

Agus inniúlacht na mBallstát á cur san áireamh i ndáil le cúram sláinte a eagrú agus a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 168, TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE na moltaí atá sa tuarascáil chomhpháirteach agus IARRANN SÍ AR an gCoimisiún na torthaí sin a áireamh san anailís agus sna dréachtmholtaí uathu ina ghníomhaíochtaí comhordaithe do bheartais eacnamaíocha faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh agus féachaint conas is féidir le gníomhaíocht an Aontais beartais náisiúnta a chomhlánú, ina ndíreofar go soiléir ar an inbhuanaitheacht fhioscach. IARRANN an Chomhairle AR na Ballstáit na torthaí sin a áireamh i gcur chun feidhme a mbeartas náisiúnta, i gcás inarb iomchuí agus inarb ábhartha, i gcomhthéacsanna éagsúla náisiúnta. IARRANN an Chomhairle AR an gCoiste um Beartas Eacnamaíoch a anailís ar na dúshláin atá os comhair an bheartais fhioscaigh a nuashonrú, an méid a bhaineann le córais cúraim sláinte agus córais cúraim fhadtéarmaigh, agus na rioscaí fioscacha a bhaineann le tiomántóirí déimeagrafacha agus neamh-dhéimeagrafacha caiteachais á gcur san áireamh.